2026/416

20.2.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/416 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Feabhra 2026

maidir le Leas-Chathaoirleach ar Bhord Maoirseachta BCE a cheapadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013, lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach a bhaineann le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa ([1]), agus go háirithe Airteagal 26(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2013, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa.

(2) Tá an Bord Maoirseachta le tabhairt go hiomlán faoi phleanáil agus faoi fhorghníomhú na gcúraimí a thugtar do BCE, ar a bhfuil an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus ceathrar ionadaithe ó BCE, chomh maith le hionadaí amháin ón údarás inniúil náisiúnta i ngach Ballstát rannpháirteach.

(3) Is comhlacht sár-riachtanach é an Bord Maoirseachta agus cúraimí maoirseachta á bhfeidhmiú ag BCE. Dá bhrí sin, le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, tugtar de chumhacht don Chomhairle Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach ar an mBord Maoirseachta a cheapadh.

(4) An 22 Feabhra 2021, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/325 ([2]) cheap an Chomhairle Frank ELDERSON ina Leas-Chathaoirleach ar an mBord Maoirseachta ar feadh tréimhse 5 bliana ón 24 Feabhra 2021. Tagann deireadh le téarma oifige an Leas-Chathaoirligh ar an mBord Maoirseachta an 23 Feabhra 2026.

(5) Ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Nollaig 2025, mhol Comhairle Rialaithe BCE, tar éis éisteacht a thabhairt don Bhord Maoirseachta, go gcuirfí síneadh le téarma oifige Frank ELDERSON mar Leas-Chathaoirleach ar an mBord Maoirseachta go deireadh a shainordaithe mar chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin BCE, a rachaidh in éag an an 14 Nollaig 2028.

(6) An 17 Nollaig 2025, chuir BCE a thogra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena fhormheas chun síneadh a chur le ceapachán Frank ELDERSON ina Leas-Chathaoirleach ar an mBord Maoirseachta. D'fhormheas Parlaimint na hEorpa an togra sin an 10 Feabhra 2026,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Frank ELDERSON ina Leas-Chathaoirleach ar Bhord Maoirseachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh don dara téarma oifige, ar feadh tréimhse ón 24 Feabhra 2026 go dtí an 14 Nollaig 2028.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Feabhra 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. KERAVNOS

([1]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1024/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle (AE) 2021/325 an 22 Feabhra 2021 maidir le Leas-Chathaoirleach ar Bhord Maoirseachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh a cheapadh (IO L 64, 24.2.2021, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/325/oj).